

## Radharc an Gheimhridh

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint anois ar thuairisc faoin gcéad titim sneachta i mbliana. Déan iarracht na ceisteanna thíos a phlé sula mbreathnaíonn tú ar an mír:

Cén sórt drochaimsire a bhí sa Tuaisceart aréir?

An raibh drochaimsir i do cheantar féin aréir?

An bhfuil an aimsir níos fearr i mbliana ná mar a bhí anuraidh?

**Ceist 2** Féach ar an mír anois. Cuir tic in aice leis na focail a úsáidtear sa sliocht agus ansin déan iarracht iad a mheaitseáil leis an aistriúchán ceart.

**a.**

Gnólachtaí	
Báisteach	
Sléibhte	
Sleamhain	
Siocán	
Iarthuaisceart	
Dainséarach	
Brat	
Ar shiúlóid	

**b.**

	Companies
	Mountains
	Slippy
	Frost
	Northwest

**Ceist 3** Anois féach ar an mír don dara huair agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Cén Ghaeltacht atá faoi bhrat sneachta?
2. Cé mhéad ceintiméadar sneachta a thit sa tuaisceart?
3. Cén t-aerfort a luaitear sa sliocht?
4. Cé mhéad eitilt de chuid *Flybe* ar cuireadh moill orthu?
5. Cad dó a bhí na radhairc fóirsteanach?
6. Tá a thuilleadh sneachta tuartha. Cén áit, go háirithe?

**Ceist 4**

a. ‘...bhí brat *bán*’

Cén ghné ghramadaí atá i gceist leis an fhocal *bán* thuas?

b. Scríobh an leagan ceart de na hainmfhocail agus na haidiachtaí thíos.

1. An (bean: saibhir)
2. An (tír: mór)
3. An (buachaill: caol)
4. An (cailín: deas)
5. An (airgead: mór)
6. An (iníon: beag)
7. An (sagart: nua)
8. An (Siúr: cantalach)
9. An (Sionainn: mór)
10. An (arán: blasta)

**Ceist 5**

‘... **sa** chontae...’

Cad a chiallaíonn ‘**sa**’?

a. ‘in’                      b. ‘in a’                      c. ‘in the’

Déan iarracht *sa*, *san*, nó *sna* a chur sna bearnaí cearta thíos.

1. Is maith le Briain a sheid \_\_\_\_\_gháirdín.
2. Tá an Rúnaí \_\_\_\_\_ oifig.
3. Tá sí \_\_\_\_\_ bhaile anois.
4. Tá fógraí \_\_\_ siopaí uile.
5. Tá Tomás ag obair \_\_\_\_\_ iarsmalann.
6. Beidh Liam \_\_\_\_\_ chlub níos déanaí.
7. Níl airgead acu \_\_\_ tíortha sin.
8. Dóitear tithe \_\_\_\_\_ chathair sin go minic.
9. Tógtar daoine \_\_\_\_\_ eastát sin go minic.
10. Téigh isteach \_\_\_ otharlann sin thíos \_\_\_\_\_ bhaile mór \_\_\_ iarnóin.

**Ceist 6**

Pléigh an ráiteas seo leis an duine in aice leat nó mar dhíospóireacht ranga.

‘Tá ár gceacht foghlamtha againn agus táimid réitithe don drochaimsir i mbliana’

## Treoracha agus Freagraí

**Ceist 1** Is féidir na ceisteanna seo a phlé i mbeirteanna nó iad a phlé sa rang.

**Ceist 2** a.

Gnólachtaí	√
Báisteach	
Sléibhte	√
Sleamhain	√
Siocán	√
Iarthuaisceart	√
Dainséarach	
Brat	√
Ar shiúlóid	

b.

Gnólachtaí	Companies
Sléibhte	Mountains
Sleamhain	Slippy
Siocán	Frost
Iarthuaisceart	Northwest
Brat	Layer

**Ceist 3**

1. Tá Gaeltacht Thír Chonaill (Dún na nGall) faoi bhrat sneachta.
2. Thit cúig ceintiméadar sneachta sa tuaisceart.
3. Luaitear aerfort George Best i mBéal Feirste sa sliocht.
4. Cuireadh moill ar ocht n-eitilt de chuid *Flybe*.
5. Bhí na radhairc fóirsteanach do chárta Nollag.
6. Tá a thuilleadh sneachta tuartha, go háirithe ar thalamh ard.

**Ceist 4**

**a.**

‘...bhí brat **bán**’

Is aidiacht atá i gceist le bán. Mar gheall go bhfuil ‘brat’ firinscneach, ní shéimhítear an aidiacht. Séimhítear aidiachtaí a thosaíonn ar chonsain nuair a leanann siad ainmfhocail fhirinscneacha san uimhir uatha.

Déantar na hathruithe seo a leanas tar éis an ailt.

<b>Firinscneach</b>	<b>Baininscneach</b>
Consain: ( <i>tada</i> )=An fear	Consain:( <i>+h</i> )= An Bhean
Guta: ( <i>+ t[-]</i> )=An <b>t</b> -athair/ An <b>t</b> Aire	Guta:( <i>tada</i> )=An iníon
‘S’: ( <i>tada</i> ) = An Siopa	‘S’: ( <i>+t</i> )= An <b>t</b> Sráid

**b.**

1. An bhean shaibhir
2. An tír mhór
3. An buachaill caol
4. An cailín deas
5. An t-airgead mór
6. An iníon bheag
7. An sagart nua
8. An tSiúr chantalach
9. An tSionainn mhór
10. An t-arán blasta

**Ceist 5** c. 'in the'

Úsáidtear '**sa**' roimh ainmfhocal uatha a thosaíonn ar chonsan.

Úsáidtear '**san**' roimh ainmfhocal san uatha a thosaíonn ar ghuta.

Úsáidtear '**sna**' roimh ainmfhocal san iolra.

1. Is maith le Briain a sheid **sa** gháirdín.
2. Tá an Rúnaí **san** oifig.
3. Tá sí **sa** bhaile anois.
4. Tá fógraí **sna** siopaí uile.
5. Tá Tomás ag obair **san** iarsmalann.
6. Beidh Liam **sa** chlub níos déanaí.
7. Níl airgead acu **sna** tíortha sin.
8. Dóitear tithe **sa** chathair sin go minic.
9. Tógtar daoine **san** eastát sin go minic.
10. Téigh isteach **san** otharlann sin thíos **sa** bhaile mór **san** iarnóin.

**Ceist 6** Is féidir an ráiteas a phlé nó é a úsáid mar rún díospóireachta.

## Éimear Ní Chonaola

Fuair muintir an Iarthuaiscirt agus thuaisceart Éireann a gcéad amharc ar maidin de shneachta an gheimhridh. Cé nár cuireadh as do scoileanna ná do ghnólachtaí, tá an chuma air go luífidh an brat sneachta agus go dtitfidh tuilleadh anocht.

## Áine Ní Bhreisleáin

Bhí ceantair<sup>1</sup> sa Ghaeltacht lár i dTír Chonaill geal bán ar maidin tar éis sneachta na hoíche aréir. Bhí lá fuar oibre ag fear an phoist a bhí amuigh san fhlichshneachta i mBaile na Finne ach bhí lá níos fuaire arís ag na hainmhithe a bhí amuigh ar na sléibhte sna Gleannta. Bhí an mhórchuid de bhealaí sábháilte le tiomáint orthu sa chontae inniu, cé go raibh cúpla mionthimpiste in áiteanna<sup>2</sup>. Bhí trácht in ann taisteal ar bhealach an Bhearnais Mhóir taobh amuigh de Bhaile Dhún na nGall ach bhí bealach Mhín an Fhir Rua sa Ghaeltacht Lár sleamhain go leor.

Ó thuaidh, thit thar chúig ceintiméadar de shneachta aréir agus bhí 125 inneall sna sé chontae ag spré gráin ar bhealaí<sup>3</sup> ó bhí aréir ann. Bhuail siocán aerfort George Best i mBéal Feirste, áit ar cuireadh moill ar ocht n-eitleán de chuid *Flybe* mar nach raibh a dtrealamh dí-oighrithe ag feidhmiú mar is ceart.

Meastar go dtitfidh an teocht do dhá chéim faoi bhun an reophointe anocht. Táthar ag impí ar thiománaithe a gcuid soilse<sup>4</sup> a chur ar siúl agus a bheith ag tiomáint go mall. Tá taithí mhaith ag pobal an Iarthuaiscirt ar shiocán is ar shneachta faoin am seo - bhí said ag leanúint<sup>5</sup> ar aghaidh lena gcuid gnóthaí inniu. Don té ar theastaigh uaidh grianghraif a thógáil bhí neart radhairc<sup>6</sup> amuigh ansin fóirsteanach do chárta Nollag.

Bliain san am seo bhí brat bán ar an chontae uile<sup>7</sup>, bhí scoileanna<sup>8</sup> druidte agus a lán daoine sáinnithe ina gcuid tithe. Seo é an chéad bhrat sneachta atá feicthe sa chontae an geimhreadh seo. Cé go bhfuil go leor daoine nach bhfáilteoidh roimhe, deir oifig na haimsire go bhfuil a thuilleadh sneachta tuartha anocht don Iarthuaisceart, go háirithe ar thalamh ard.

Áine Ní Bhreisleáin sa Ghaeltacht Lár i gContae Dhún na nGall.

---

<sup>1</sup> ceantracha

<sup>2</sup> áiteacha a deirtear sa sliocht

<sup>3</sup> ar bhealtraí a deirtear sa sliocht

<sup>4</sup> Solais a deirtear

<sup>5</sup> leanstan a deirtear i gcanúint Thír Chonaill

<sup>6</sup> radharcanna a deirtear

<sup>7</sup> uilig a deirtear sa sliocht

<sup>8</sup> Scoilteacha a deirtear sa sliocht